# An tOrd Proinsiasach Tuata

## Oifigí na Seachtaine



(Fuinneog i séipéal in Ardlios i gContae Laoise)

**Ansin dúirt Nihimiá agus Eazrá an sagart leis an bpobal go léir: "Lá atá coisricthe don Tiarna bhur nDia is ea an lá seo. Ná bígí ag caoineadh ná ag olagón. ... Ná bíodh brón oraibh óir is é áthas an Tiarna bhur neart."**



(Dul faoi na gréine laistiar d'Assisi)

# Dé Domhnaigh
# Moladh Dé trí Íosa Críost

Crom chugam le Cúnamh a Dhia.
Brostaigh a Dhia agus cabhraigh liom.

Nascaim mé féin inniu:
Le neart tréan, impí na Tríonóide,
Creideamh i dTriaracht agus admháil Aontacht
An IlChruthaitheora.

Glóir don Athair ...

## Iomann

(Tá iomainn eile le fáil sa chuid Iomainn, Sailm agus Paidreacha)

Go mba tú mo bhuile,
A Dhia mo chléibhse;
Ní ní neach eile
Ach Rí na Spéire.

Go mba tusa m'Athair

Is mise do mhacsa;
Go mba liomsa tusa
Agus fós go mba leat mé.

Go mba tú mo chlaíomh,
Go mba tú mo chathsciath;
Go mba tú mo cheantar,
Go mba tú mo ghradam.

Go mba tú mo dhídean,
Go mba tú mo dhaingean;
Is go rabhair do m'thógaint
I measc na nAingeal.
Áiméan.

(*Ó Rí na nUile, Leagan Nua-Ghaeilge ar sheandánta*)



+

Tógaim mo shúile chun na sléibhte ...

**Ainteafan 1**
Is sagart síoraí é Críost an Tiarna ar nós Mheilcizidic, Alleluia

*Tá na sailm seo go léir agus na sleachta eile as an Scríbhinn Dhiaga tógtha as An Bíobla Naofa (Bíobla Mhaigh Nuad)*

## Salm 120

Tógaim mo shúile chun na sléibhte.
Cad as do mo chúnamh?
Is ón Tiarna féin atá mo chúnamh,
a rinne neamh agus talamh.

Nár lige sé duit tuisliú go deo;
nár dhéana do gharda codladh.
Féach! ní thitfidh sámhchodladh ná suan
ar gharda Iosrael.

Is é an Tiarna do gharda is do dhídean,
agus é ar do dheis.
Ní bhuailfidh an ghrian thú i rith an lae,
ná an ré istoíche.

Coimeádfaidh an Tiarna ón uile olc thú;
coimeádfaidh sé d'anam.
Coimeádfaidh an Tiarna thú ag imeacht is ag teacht duit,
anois agus choíche.

Glóir don Athair ...

**Ainteafan 1**
Is sagart síoraí é Críost an Tiarna ar nós Mheilcizidic, Alleluia



A Thiarna, ár dTiarna, nach éachtach é d'ainm ar fud na cruinne!

**Ainteafan 2**
Is ar neamh atá ár nDiana; gach uile ní is áil leis, déanann sé é.

# Salm 113

Ní dúinne, a Thiarna, ní dúinne,
ach do d'ainmse is dleacht an moladh
as ucht do bhuanghrá agus d'fhírinne.
Cad fáth a ndeir na ciníocha "Cá bhfuil a nDia?"

Is ar neamh atá ár nDiana;
gach uile ní is áil leis, déanann sé é.
Ór agus airgead a n-íolasan,
agus saothar lámh an duine.

Tá dóchas chlann Iosrael sa Tiarna;
is é is cabhair agus is sciath dóibh.
Tá dóchas chlann Árón sa Tiarna
is é is cabhair agus is sciath dóibh.

Cuireann lucht eagla an Tiarna a ndóchas ann;
is é is cabhair agus is sciath dóibh.
Is cuimhin leis an Tiarna sinn; beannóidh sé sinn;
beannóidh sé clann Iosrael agus clann Árón.

Beannóidh sé lucht eagla an Tiarna,
idir mhion agus mhór in éineacht.
Méadóidh an Tiarna i gcónaí sibh,
sibhse agus bhur gclann go léir.

Go raibh beannacht an Tiarna anuas oraibh
ón té a rinne neamh agus talamh.
Is leis an Tiarna amháin na flaithis;
ach thug sé an talamh don duine.

Ní hiad na mairbh a thabharfaidh moladh don Tiarna,
ná an drong a ghabhann síos san uaigh.
Ach tabharfaimidne moladh don Tiarna,
anois agus go brách na breithe.

Glóir don Athair ...

**Ainteafan 2**

Is ar neamh atá ár nDiana; gach uile ní is áil leis, déanann sé é.



*(Mósáic in Ardeaglais an Mhuilinn gCearr)*

**Ainteafan 3**
Molaigí bhur nDia, a sheirbhíseacha go léir leis, idir bheag agus mhór. Alleluia!

## Apacailipsis 19  1-2, 5-7

Alleluia!
Is lenár nDia slánú agus glóir agus neart.
Óir is fíor iad a bhreitheanna agus is cóir.
Alleluia!

Alleluia.
Molaigí bhur nDia, a sheirbhíseacha go léir leis,
sibhse ar a bhfuil a eagla, idir bheag agus mhór.
Alleluia!

Alleluia!
Óir tháinig an Tiarna, ár nDia Uilechumhachtach, i réim.
Déanaimis gairdeas agus lúcháir agus tugaimis glóir dó.
Alleluia!

Alleluia!
Óir tá bainis an Uain tagtha,
agus tá a nuachair arna hullmhú féin.
Alleluia!

Glóir don Athair ...

**Ainteafan 3**
Molaigí bhur nDia, a sheirbhíseacha go léir leis, idir bheag agus mhór. Alleluia!




*Solas an tráthnóna ag taitneamh ar dhealbh Naomh Pól lasmuigh*
*den Bhaisleac sa Róimh a tógadh ar an áit ar adhlacadh é*

## Sliocht as dara litir Naomh Pól chuig na Corantaigh 1, 3-4

Moladh le Dia, le hAthair ár dTiarna Íosa Críost, le hAthair gach trócaire agus le Dia an tsóláis uile. Is é a thugann sólás dúinne cibé anacair a bheireann orainn, i dtreo go mbímid i riocht sólás a thabhairt do dhaoine eile a bhíonn in aon anacair leis an sólás lena bhfaighimid féin sólás ó Dhia.

Freagra: Is maith é an Tiarna; is maith leis dea-ghníomhartha.
*(abair an freagra arís)*
Véarsa: Caithfimid ár saol ag déanamh dea-ghníomhartha.
*(Abair an freagra arís)*
Glóir don Athair ...
*(abair an freagra arís)*

Ainteafan an Magnificat
Is é seo an lá a rinne an Tiarna; bíodh áthas is gliondar orainn.



Magnificat anima mea Dominum
(Mórann m'anam an Tiarna)
(*Fuinneog i séipéal na gCairmilíteach i mBaile Átha Cliath*)

## An Magnificat

Mórann m'anam an Tiarna,
agus rinne mo spiorad gairdeas i nDia mo Shlánaitheoir.
Óir dhearc sé le fabhar ar ísle a bhanóglaigh;
mar féach, déarfaidh na glúine uile feasta gur méanar dom.

Óir rinne an Té atá cumhachtach nithe móra dom agus is naofa a ainm,
agus tá a thrócaire ó ghlúin go glúin dóibh seo ar a mbíonn a eagla.

Thaispeáin sé neart a láimhe:
scaip sé an dream a bhí uaibhreach i smaointe a gcroí.
Leag sé prionsaí óna gcathaoireacha,
agus d'ardaigh sé daoine ísle;

Líon sé lucht an ocrais le nithe maithe,

agus chuir sé na saibhre uaidh folamh.
D'fhóir sé ar Iosrael a sheirbhíseach,
ag cuimhneamh dó ar a thrócaire –
de réir mar gheall sé dar n-aithreacha –
d'Abrahám agus dá shliocht go brách.

Glóir don Athair ...

**Ainteafan an Magnificat**
Is é seo an lá a rinne an Tiarna;
bíodh áthas is gliondar orainn.




*(And whence is this to me, that the mother of my Lord should come to me)*

## Paidreacha Impí

Is é Críost ceann a choirp, ceann na hEaglaise, agus de bhrí gur baill bheo dá chorp muid guímid chun an Athar.

A Athair, ó is rud é gur cheiliúramar inniu rúndiamhar ár slánaithe, gabhaimid buíochas leat as do ghrá thar cuimse a léirigh tú in Íosa Críost.
*Freagra*: A Thiarna, bí ceansa agus éist lenár nguí.

A Thiarna, na focail atá ráite agat is spiorad agus is beatha iad. Cuidigh linn maireachtáil de réir an tsoiscéil faoi mar a rinne San Proinsias.
*Freagra:* A Thiarna, bí ceansa agus éist lenár nguí.

Cuidigh linn trua a thabhairt do na boicht, do dhaoine breoite agus dóibh siúd nach dtugtar grá dóibh. A Thiarna, déan dínn cuisle do shíochána sa saol.
*Freagra:* A Thiarna, bí ceansa agus éist lenár nguí.

A Thiarna, tabhair dúinn do shíocháin; deonaigh go mairfidh sí inár dteaghlaigh, inár dtír agus inár gcroí.
*Freagra:* A Thiarna, bí ceansa agus éist lenár nguí.

Nára thiugha féar ag fás, ná gaineamh ar thrá, ná drúcht ar bhán, ná na beannachtaí ó Rí na nGrást ar gach anam a bhí, a bheidh nó 'tá. (*Paidir traidisiúnta*)
*Freagra:* A Thiarna, bí ceansa agus éist lenár nguí.
Ár nAthair...

# Paidir Chlabhsúir

A Thiarna Dia, d'ullmhaigh tú dóibh siúd a thugann grá duit nithe nach bhfaca súil iad agus nár chuala cluas iad. Líon ár gcroí le do ghrá, sa chaoi go dtabharfaimid grá duit os cionn gach uile rud agus i ngach uile rud agus go mbainfimid amach na rudaí sin atá geallta agat agus nár shamhlaigh croí an duine, cuirimid ár nguí chugat trínár dTiarna Íosa Críost do Mhac, a mhaireann agus a rialaíonn leat mar aon leis an Spioraid Naomh, ina Dhia go brách na breithe. Áiméan.

Go mbeannaí an Tiarna muid, go gcoinní sé ó olc muid agus go dtuga sé chun na beatha síorraí muid. Áiméan.



Go dtuga Dia uilechumhachtach oíche chiúin agus críoch ar fheabhas dúinn